CINNEADH (CBES) 2023/124 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Eanáir 2023

mar thaca le Cód Iompair na Háige agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta.

(2) An 17 Samhain 2003, ghlac an Chomhairle Comhsheasamh 2003/805/CBES ([1]), inar iarradh ar an Aontas a chur ina luí ar an oiread tíortha agus is féidir glacadh le Cód Iompair na Háige, go háirithe iad siúd a bhfuil cumais diúracán balaistíoch acu. Leis an gComhsheasamh sin, iarradh freisin go ndéanfaí an Cód a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh, go háirithe bearta cothaithe muiníne an Chóid, agus go bhféachfaí le caidreamh níos dlúithe a chur chun cinn idir an Cód agus córas iltaobhach na Náisiún Aontaithe maidir leis an neamhleathadh.

(3) I Straitéis Dhomhanda 2016 maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh, cuirtear i dtábhacht go gcuirfidh an tAontas dlús lena rannchuidiú leis an tslándáil chomhchoiteann.

(4) Tagraíonn Compás Straitéiseach 2022 don tSlándáil agus don Chosaint do shíorbhagairt an leathadh arm ollscriosta agus modhanna a seachadta, agus cuirtear in iúl ann cuspóir an Aontais gníomhaíochtaí nithiúla an Aontais a threisiú mar thaca le spriocanna dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm.

(5) Ghlac an Chomhairle ceithre cinn de chinntí roimhe seo mar thaca le Cód Iompair na Háige agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch: Cinneadh 2008/974/CBES ([2]); Cinneadh 2012/423/CBES ([3]); Cinneadh 2014/913/CBES ([4]); agus Cinneadh (CBES) 2017/2370 ([5]), arna leasú le Cinntí (CBES) 2020/1066 ([6]) agus (CBES) 2021/2074 ón gComhairle ([7]),

([1]) Comhsheasamh 2003/805/CBES ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le huiliú agus neartú comhaontuithe iltaobhacha i dtaca le neamhleathadh arm ollscriosta agus modhanna a seachadta (IO L 302, 20.11.2003, lch. 34).

([2]) Cinneadh 2008/974/CBES ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 mar thaca le Cód Iompair na Háige agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 345, 23.12.2008, lch. 91).

([3]) Cinneadh 2012/423/CBES ón gComhairle an 23 Iúil 2012 mar thaca le neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta agus le Comhsheasamh 2003/805/CBES ón gComhairle (IO L 196, 24.7.2012, lch. 74).

([4]) Cinneadh 2014/913/CBES ón gComhairle an 15 Nollaig 2014 mar thaca le Cód Iompair na Háige agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 360, 17.12.2014, lch. 44).

([5]) Cinneadh (CBES) 2017/2370 ón gComhairle an 18 Nollaig 2017 mar thaca le Cód Iompair na Háige agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 337, 19.12.2017, lch. 28).

([6]) Cinneadh (CBES) 2020/1066 ón gComhairle an 20 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2370 chun tacú le Cód Iompair na Háige agus neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 234 I, 21.7.2020, lch. 1).

([7]) Cinneadh (CBES) 2021/2074 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2370 chun tacú le Cód Iompair na Háige agus neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 421, 26.11.2021, lch. 70).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. D'fhonn Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta, Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh agus an Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint a chur chun feidhme, tacóidh an tAontas arís eile le huiliú, le cur chun feidhme iomlán agus le feabhsú Chód Iompair na Háige trí ghníomhaíocht oibríochtúil.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí na gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1:

(a) go bhféachfaí leis go nglacfaí go huilíoch le Cód Iompair na Háige,

(b) go bhféachfaí leis go ndéanfadh na stáit sin a bhfuil a n-ainm curtha acu leis Cód Iompair na Háige a chur chun feidhme ina iomláine; agus

(c) go gcuideofaí le Cód Iompair na Háige a chomhtháthú ar bhealach níos fearr san obair atá á déanamh chun leathadh na ndiúracán balaistíoch a shrianadh.

3. Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomhaíocht sin dá dtagraítear i mír 1, san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

1. Is é an tArdionadaí a bheidh freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é an *Fondation pour la recherche stratégique* (FRS) a dhéanfaidh an cur chun feidhme teicniúil i gcás na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Is faoi fhreagracht an Ardionadaí a dhéanfaidh FRS an cúram dá dtagraítear i mír 2. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le FRS.

Airteagal 3

1. Is é EUR 1 042 614,72 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoinítear leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoinítear leis an méid tagartha dá dtagraítear i mír 1. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú deontais i gcrích le FRS. Sonrófar sa chomhaontú deontais go n-áiritheoidh FRS infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, a bheidh iomchuí le méid na ranníocaíochta sin.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag FRS. Beidh na tuarascálacha sin ina mbonn ag an meastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi na gnéithe airgeadais de chur chun feidhme na ngníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm mura dtabharfar aon chomhaontú chun críche laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
E. SVANTESSON

IARSCRÍBHINN

DOICIMÉAD TIONSCADAIL

GNÍOMHAÍOCHT CHUN TACÚ LE CÓD IOMPAIR NA HÁIGE AGUS LE NEAMHLEATHADH DIÚRACÁN BALAISTÍOCH FAOI CHUIMSIÚ CHUR CHUN FEIDHME STRAITÉIS AN AONTAIS EORPAIGH I gCOINNE LEATHADH ARM OLLSCRIOSTA (HCOC V)

HR(2022) 287

1. **CÚLRA AGUS RÉASÚNAÍOCHT**

Comhaontaíodh Cód Iompair na Háige in aghaidh Leathadh Diúracán Balaistíoch (an "Cód" nó "HCoC") in 2002 chun srian a chur le leathadh na ndiúracán balaistíoch a bhfuil ar a gcumas arm ollscriosta (AOSanna) a sheachadadh. Tá bearta cothaithe muiníne sa Chód freisin d'fhonn na rioscaí a bhaineann le míríomh a laghdú i gcás tástálacha eitilte diúracán balaistíoch agus lainseáil feithiclí lainseáilte satailíte síochánta.

Fiche bliain tar éis a ghlactha, is ábhartha inniu an Cód ná mar a bhí riamh ós rud é go bhfuil teicneolaíochtaí balaistíocha á bhforbairt i gcónaí san iliomad réigiún ar fud an domhain agus d'fhonn géarú ar an teannas idir tíortha a bhfuil na teicneolaíochtaí sin acu, a sheachaint, tá géarghá le sásra trédhearcachta agus cumarsáide. Cé go bhfuil a n-ainm curtha ag 143 stát leis an gCód go dtí seo, ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh le go mbeadh glacadh leis ar bhonn uilíoch. Rannchuidíonn an tAontas trí iarrachtaí bunriachtanacha for-rochtana chun uiliú an Chóid a chur chun cinn agus chun an Cód chur chun feidhme agus a chomhtháthú i gcóras an neamhleata tríd is tríd.

2. **AN CUSPÓIR FORIOMLÁN**

Is é cuspóir foriomlán na gníomhaíochta seo cur leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, leis an muinín agus leis an trédhearcacht agus le cur chun feidhme straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta trí uiliú an Chóid, cur chun feidhme iomlán an Chóid agus feabhsú an Chóid a chur chun cinn. Leis an nGníomhaíocht seo, comhlánófar rannpháirtíocht taidhleoireachta an Aontais leis na Stáit sin a bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód agus leosan nach bhfuil, agus tacóidh sí leis an rannpháirtíocht sin.

3. **CUSPÓIRÍ SONRACHA**

Seo a leanas cuspóirí sonracha na gníomhaíochta:

a. go bhféachfaí leis go méadófaí líon na stát a mbeidh a n-ainm curtha acu le Cód Iompair na Háige, ar mhaithe lena uiliú, lena n-áirítear trí idirphlé a chur chun cinn idir na stáit sin a bhfuil a n-ainm curtha acu leis agus leosan nach bhfuil;

b. go bhféachfaí leis go ndéanfadh na stáit sin a bhfuil a n-ainm curtha acu leis an Cód a chur chun feidhme ina iomláine;

c. go gcuideofaí leis an gCód a chomhtháthú ar bhealach níos fearr san obair atá á déanamh chun leathadh na ndiúracán balaistíoch a shrianadh. Áirítear leis sin treisiú le hinfheictheacht an Chóid agus cur le feasacht an phobail maidir leis na rioscaí agus na bagairtí a bhaineann le leathadh diúracán balaistíoch, agus féachaint, go háirithe trí staidéar, ar na dinimic i leathadh na ndiúracán balaistíoch, ar fhorbairtí maidir leis an spás agus ar na féidearthachtaí atá ann an Cód a fheabhsú agus go bhféachfaí leis idirghníomhaíocht idir an Cód agus ionstraimí iltaobhacha ábhartha eile a chur chun cinn.

4. **NA TORTHAÍ A BHFUIL SÚIL LEO**

a. Is é a thiocfaidh as uiliú an Chóid go ndéanfar iarrachtaí éagsúla for-rochtana. Beidh sé d'aidhm le himeachtaí for-rochtana cur leis an bhfeasacht maidir le leathadh diúracán balaistíoch agus ábharthacht HCoC i réimse an spáis, ardán a chur ar fáil do shaineolaithe le go bhféadfaidh siad tuairimí a mhalartú go neamhfhoirmiúil ar shaincheisteanna straitéiseacha agus, ar an gcaoi sin, cuidiú le muinín a chothú i measc na stát, agus cuspóirí an Aontais maidir le huiliú an Chóid a chur chun cinn. Go sonrach, eagróidh *Fondation pour la Recherche Stratégique* (FRS) an méid a leanas:

i. Cruinnithe le hoifigigh ó chúig Stát a roghnófar, nach bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód ach a léiríonn go mbeadh spéis acu a bheith páirteach ann. Beidh sé d'aidhm leis an bhfor-rochtain rannpháirtíocht ardleibhéil idirghníomhaireachta a bhaint amach. Chun leanúnachas agus faisnéis shaincheaptha a áirithiú, cuirfear obair leantach ar fáil le linn an tionscadail. Beidh an cur chuige spriocdhírithe sin bunaithe ar aiseolas a chuirfidh an Cathaoirleach, SEGS, an Neas-Lárphointe Teagmhála (ICC) agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh ar fáil, agus a mhéid is féidir, tacóidh sé lena n-iarrachtaí. Féadfaidh na cruinnithe ról a thabhairt don Chathaoirleach agus d'ionadaithe ó Bhallstáit éagsúla an Aontais agus ó thíortha rannpháirteacha, de réir mar is iomchuí.

ii. Suas le cúig sheimineár réigiúnacha agus/nó foréigiúnacha i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, sa Mheánoirthear, san Afraic agus san Áise Thoir Theas. Déanfar na himeachtaí sin i ndlúthchomhar leis na rialtais óstacha faoi seach agus, más iomchuí, leis an lucht ábhartha acadúil. Rachfar i mbun na n-imeachtaí mar ábhar tosaíochta chun tairbhe na Stát sin nach bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód. Leagfar béim ar leith ar rannpháirtíocht na stát sin a bhfuil a n-ainm curtha acu leis agus ar "curaidh réigiúnacha" iad, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí agus ar dhearcthaí ó thaobh réigiúin de. Beidh saineolaithe réigiúnacha, ionadaithe ó eagraíochtaí réigiúnacha, saineolaithe FRS, oifigigh de chuid an Aontais Eorpaigh agus de chuid na mBallstát, an Cathaoirleach agus ICC i bpáirt le chéile ann.

iii. Forbrófar dhá fhíseán lena bhféadfar faisnéis spriocdhírithe faoin gCód a scaipeadh. Beidh siad ina n-uirlis tacaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí uiliúcháin agus úsáidfear iad le linn imeachtaí for-rochtana agus déanfar iad a tharchur freisin chuig ICC, chuig an gCathaoirleach agus chuig Stáit atá rannpháirteach dá ndeoin féin le haghaidh bearta taidhleoireachta maidir leis an gCód.

iv. Dhá imeacht eile a bheidh dírithe go hiomlán ar an gCód, lena n-áirítear imeacht amháin ar imeall an Chéad Choiste de chuid Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a thionólfar i Nua-Eabhrac in 2024, agus ceann eile ar imeall imeacht ábhartha eile iltaobhaigh. Ina theannta sin, bunófar bricfeasta(í) taidhleoireachta nó lón/lóin taidhleoireachta ar imeall imeachtaí iltaobhacha amhail Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe chun tacú leis an rannpháirtíocht idir an Cathaoirleach, ICC agus/nó Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Stáit spriocdhírithe nach bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód.

b. Is é an toradh a bheidh ar an ngníomhaíocht go dtreiseofar leis an gCód agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch i gcoitinne. Tacóidh FRS go háirithe le ICC na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cur chun feidhme an Chóid a shainaithint, tabharfaidh sí léargais shaineolacha agus roinnfidh sí anailís agus taighde atá cothrom le dáta maidir le leathadh diúracán agus teicneolaíocht diúracán.

i. Tacóidh FRS leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag gníomhaithe ábhartha le go ndéanfar an Cód a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí fós. Leagfar amach ann plean oibre, go háirithe i gcomhar le ICC, chun teagmháil a dhéanamh leis na stáit sin a bhfuil deacrachtaí acu an Cód a chur chun feidhme. Cuideoidh sí le ICC "lámhleabhar na Stát Rannpháirteach" a nuashonrú agus a aistriú. Déanfar an ghníomhaíocht sin chun tacú leis na gníomhaíochtaí atá curtha ar bun cheana féin ag ICC, ag an gCathaoirleach agus ag Ballstáit eile de chuid an Aontais de réir mar is iomchuí, agus a mhéid a chuideoidh sé le cur chun feidhme an Chóid a chur chun cinn.

ii. Eagróidh FRS trí cinn d'imeachtaí ar imeall Chruinnithe Rialta bliantúla HCoC i Vín chun idirghníomhaíocht agus malartú tuairimí a chothú idir oifigigh a bheidh ag freastal ar an gcruinniú, toscairí i Vín ó stáit nach bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód agus saineolaithe atá ag obair ar shaincheisteanna maidir le leathadh diúracán balaistíoch.

iii. Eagrófar ceardlann neamhfhoirmiúil chun bealaí praiticiúla a phlé lena bhféadfar feabhas a chur ar chur chun feidhme an Chóid, rud a chruthóidh spás le haghaidh plé ar na dúshláin atá roimh an gCód faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, ina mbeidh gach gníomhaí stáit agus gach gníomhaí nach gníomhaí stáit é rannpháirteach.

iv. Eagróidh FRS, i ndlúthchomhar leis na húdaráis ábhartha, cuairt ó ghrúpa idirnáisiúnta saineolaithe ar shuíomh spáslainseála, i gcomhréir leis an tríú fleasc d'fhophointe (ii) de phointe (a) d'Airteagal 4 den Chód, chuig tír ábhartha de chuid na hÁise más féidir.

c. As an ngníomhaíocht seo eascróidh gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh an Cód a chomhtháthú ar bhealach níos fearr san obair atá á déanamh chun leathadh na ndiúracán a shrianadh. Déanfar gach iarracht teagmháil a dhéanamh le speisialtóirí réigiúnacha maidir leis an neamhleathadh, leas níos fearr a bhaint as líonraí sóisialta chun cur leis an bhfeasacht maidir leis an gCód, líonraí saineolaithe óga a fhorbairt agus béim a leagan ar thábhachtaí atá an Cóid i réimse an spáis.

i. Chun an cuspóir sin a áirithiú, beidh saineolaithe FRS rannpháirteach i bpríomh-gharspriocanna an chláir oibre idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh arb é is aidhm dóibh leathadh AOS a shrianadh.

ii. Méadóidh FRS infheictheacht an tionscadail, trí chéannacht ghrafach nuashonraithe a chruthú, bileoga eolais agus pacáiste fáiltithe a nuashonrú agus a dháileadh, ionadaíocht a dhéanamh ar thionscadal HCoC sna meáin shóisialta agus nuachtlitir a chur i gcrích maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh. Cabhróidh an t-ábhar seo le ICC agus leis an gCathaoirleach a misean a chur i gcrích.

iii. Cruthóidh FRS "grúpa óige" chun saineolas a fhorbairt ar shaincheisteanna a bhaineann le diúracáin. Thiocfadh an grúpa sin le chéile faoi dhó i bpearsa le linn na tréimhse cur chun feidhme agus cúpla uair eile ar líne. Beidh deis ann, le gach cruinniú, spreagadh a thabhairt go bhfoilseofaí páipéar de chuid bhaill an ghrúpa. Roghnófar 15 chomhalta mar chuid den "ghrúpa óige", a bheidh oscailte do stáit spriocdhírithe, idir na stáit sin a bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gcód agus na stáit sin nach bhfuil. Beidh an grúpa comhdhéanta de ghairmithe óga agus de mhic léinn, agus cuirfear cothromaíocht gheografach agus inscne chomh maith le héagsúlacht san áireamh agus an grúpa á roghnú. Leis an ngníomhaíocht seo cuirfear leis an eolas atá ann faoin gCód trína chinntiú go mbeidh taithí ag ionadaithe ón nglúin óg atá ag plé le saincheisteanna dí-armála agus neamhleata ar fud an domhain, go mbeidh taithí acu ar na sainiúlachtaí a bhaineann le scaipeadh diúracán.

iv. Ina theannta sin, cuirfidh FRS saineolas ar fáil maidir le diúracáin bhalaistíocha, lainseálaithe agus dinimic an leata. Déanfaidh FRS tuilleadh forbartha ar an mbunachar sonraí maidir le diúracáin agus lainseálaithe chun é a choinneáil cothrom le dáta agus chun líon na ngrafaicí faisnéise ar leathanaigh ghréasáin ábhartha a mhéadú. Scríobhfaidh/coimisiúnóidh FRS trí pháipéar taighde agus trí pháipéar ghearra maidir le gnéithe teicniúla, dlíthiúla nó polaitiúla den Chód, a d'fhéadfaí a nascadh le himeachtaí for-rochtana ábhartha agus le ceardlanna téamacha a ndéantar cur síos orthu thuas, agus foilseoidh sí na páipéir sin.

5. **NA TAIRBHITHE DEIRIDH**

a. Stáit, idir stáit a bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód agus stáit nach bhfuil;

b. oifigigh rialtais, lucht déanta beartas, rialtóirí, saineolaithe, go háirithe iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar ghlúin óg saineolaithe;

c. eagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha agus foréigiúnacha;

d. lucht acadúil agus an tsochaí shibhialta, go háirithe iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar ghlúin óg saineolaithe;

e. Cathaoirleach HCoC;

f. Neas-Lárphointe Teagmhála HCoC (Aireacht Gnóthaí Eachtracha na hOstaire).

6. **IONAD**

Roghnóidh FRS, i gcomhairle le seirbhísí ábhartha SEGS, ionaid fhéideartha le haghaidh na gcruinnithe, na gceardlann agus na n-imeachtaí eile. Ar na critéir a úsáidfear chun na hionaid a roghnú áireofar toilteanas agus tiomantas stáit nó eagraíochta idir-rialtasaí ábhartha i réigiún ar leith an t-imeacht a óstáil. Beidh láithreacha sonracha na gcuairteanna tíre nó na ngníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith ag brath ar chuirí ó stáit nó ó eagraíochtaí idir-rialtasacha leasmhara. Cé go bhfuil fiúntas na gcruinnithe agus na n-imeachtaí i bpearsa fíorthábhachtach, eagrófar cruinnithe fíorúla i gcás inarb iomchuí chun éifeachtúlacht ó thaobh costais de a áirithiú.

7. **ACHAR AMA**

Meastar go mairfidh an ghníomhaíocht 36 mhí ar an iomlán.